**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

***Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2010***

# *Grafaic Theicniúil*
## *Ardleibhéal*
## *Roinn A*
***(120 marc)***

## *Dé Luain, 21 Meitheamh*
## *Maidin 9:30 - 12:30*

| Uimhir an Ionaid |
|---|
| |

***Treoracha***

*(a)* *Freagair **deich gcinn ar bith** de na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.*

*(b)* *Ní mór na línte tógála uile a thaispeáint go soiléir.*

*(c)* *Tá na toisí uile ina milliméadair.*

*(d)* *Ní mór an leabhrán seo a thabhairt ar ais i ndeireadh an scrúdaithe.*

*(e)* *Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca atá ann di agus ar gach bileog eile a úsáideann tú.*


| Ceist | Marc |
|---|---|
| Roinn A | |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| IOMLÁN | |
| GRÁD | |

***Scrúduimhir:*** 

**ROINN A.** Freagair **deich gceist ar bith**. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.


**1** Líon isteach an lipéad do **gach** léaráid, trí rogha a dhéanamh ón liosta a thugtar ar dheis.

- Comhlíneach
- Trasnú
- Comhthreomhar
- Ingearach



**1** ____________ **2** ______________ **3** _____________ **4** ____________


**2** Taispeánann an fhíor líníocht pheirspictíochta neamhiomlán d'imlíne tí. Taispeántar chomh maith grafaic 3T den teach. Críochnaigh an líníocht pheirspictíochta.



**3** Taispeánann an fhíor bonnchló, aghaidhchló agus grafaic 3T panna deannaigh. Tarraing forbairt thaobhanna an phanna deannaigh.
***Nóta**: Ní gá an hanla ná an cúldromchla a chur san áireamh.*




**4** Taispeántar aghaidhchló agus taobhchló deasc scríbhneoireachta ar an ngreille chearnógach. Críochnaigh an sceitse pictiúrtha den dheasc.
Cuir dath **nó** scáth ar an sceitse críochnaithe.




**5** Taispeánann an fhíor lógó do shiopa seodóireachta.
Tarraing lógó nua cosúil leis an lógó a thugtar agus an fad **AB** méadaithe go **AB$_1$**.

Cuir dath **nó** scáth ar an lógó nua.




**6** Tá na haiseanna **X** agus **Y** a thaispeántar marcáilte ag eatraimh 5 aonad.

Scríobh síos comhordanáidí reanna an triantáin **ABC**.




**A** ______________


**B** ______________

**C** ______________

**7** Taispeánann an fhíor dearadh do hanla scine.

Taispeántar láir na stuanna.

Taispeán go soiléir na pointí teagmhála go léir.







**8** Taispeántar bonnchló agus aghaidhchló lampa deisce.

Tarraing **sceitse pictiúrtha saorláimhe** den lampa deisce sa spás atá curtha ar fáil.

Cuir dath **nó** scáth ar an sceitse.



**9** Scríobh síos **trí ordú CAD ar bith** a úsáidtear chun eagarthóireacht a dhéanamh ar an bhfíor mar a léirítear sa seicheamh thíos.



**Trí** ordú CAD ar bith: ________________________


________________________


________________________

**10** Taispeánann an fhíor bonnchló agus aghaidhchló imlíneach craenach agus an ualaigh **ABC**.


Taispeántar chomh maith grafaic 3T den chraein agus den ualach.

Críochnaigh aghaidhchló na craenach agus an ualaigh ina shuíomh rothlaithe, mar a thaispeántar leis an líne bhriste sa bhonnchló.







**11** Scríobh síos toisí na n-uilleannacha atá marcáilte **A** agus **B**.






**A =** ________________ **B =** ________________

**12** Críochnaigh bonnchló na pirimide barrscoite a thaispeántar.





**13** Taispeánann an fhíor aghaidhchló agus bonnchló droichid.
Taispeántar chomh maith grafaic 3T den droichead.
Teilg aghaidhchló cúnta den droichead ar an líne $\mathbf{X_1Y_1}$ a thaispeántar.



**14** Taispeánann an fhíor aghaidhchló raca rothair agus roth rothair.
Taispeántar chomh maith grafaic 3T den roth agus den raca.
Tarraing an roth ina shuíomh ar an raca rothair.
Taispeáin na tógálacha agus na pointí teagmhála go léir.






**15** Rinneadh suirbhé ar dháréag daltaí faoi na spóirt is mó a thaitin leo.

Is iad seo a leanas torthaí an tsuirbhé:

Peil - 6 dhalta
Iomáint - 4 dhalta
Cispheil - 2 dhalta.

Roinn an ciorcal a thugtar chun an t-eolas a chur in iúl go grafac mar phíchairt.

Cuir dath **nó** scáth ar an bpíchairt chomhlánaithe.



Leathanach Bán

Leathanach Bán